# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

## LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL
**(300 marc)**

Dé hAOINE, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. 300 marc san iomlán atá ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.



**Thall**

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) "Shocraigh siad dul go dtí an Aithin, páirt a ghlacadh sa chomhaontas Aithneach agus féachaint an bhféadfaí tacaíocht ar bith a fháil sa cheantar sin." (*Cogadh na Peilipinéise,* le Túicídidéas.)

(a) Mínigh cén fáth ar theastaigh ó Choircíora dul i bpáirt leis an Aithin in 433 RCh. (15)
(b) Cad iad na príomhargóintí a d'úsáid muintir Choircíora chun áitiú ar na hAithnigh glacadh leo mar chomhghuaillithe? (25)
(c) Conas mar a d'fhreagair na hAithnigh do mhuintir Choircíora? (10)

(ii) In 421 RCh rinne an Aithin comhaontú le Sparta ar a tugadh Síocháin Nicias.

(a) Cén fáth ar shocraigh Sparta agus an Aithin síocháin a dhéanamh ag an am sin? (30)
(b) Cad iad na príomhchoinníollacha a bhain le Síocháin Nicias? (20)

(iii) In 416 RCh d'ordaigh na hAithnigh do mhuintir Mhéileas géilleadh.

(a) Cad iad na hargóintí a d'úsáid na hAithnigh chun áitiú ar na Méileasaigh géilleadh? (20)
(b) Conas mar a d'fhreagair na Méileasaigh do na hargóintí sin? (20)
(c) Cad a tharla ag deireadh na heachtra seo? (10)

(iv) "Polaiteoir áititheach ab ea Alcaibiaidéas, ach bhí sé mífhreagrach agus leithleach chomh maith."

(a) Ón léamh atá déanta agat ar *Cogadh na Peilipinéise* le Túicídidéas, cén fhianaise atá ann gur pholaiteoir áititheach é Alcaibiaidéas? (20)
(b) Cén fhianaise atá ann go raibh sé mífhreagrach agus leithleach? (30)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Déan cur síos ar Chath Abhainn an Granicus agus bíodh na treoirlínte a leanas in úsáid agat: comhairle Phairméinión; teaicticí Alastair; cúrsa an chatha; beatha Alastair á sábháil; an toradh. (40)
(b) Cad a insíonn an eachtra seo dúit faoi charachtar Alastair? (10)

(ii) (a) Cad ab ea an tSnaidhm Ghoirdiach? (10)
(b) Déan cur síos ar an gcaoi ar réitigh Alastar an puzal a bhain leis an tSnaidhm Ghoirdiach. (25)
(c) Cad a insíonn an eachtra seo duit faoi charachtar Alastair? (15)

(iii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:
Bucephalas (capall Alastair); Callastainéas (fealsamh); Pairméinión (ginearál). (25, 25)

(iv) (a) Cén fáth ar fhill Alastar ar an mBablóin trí Fhásach na Geadróisia, dar leat? (10)
(b) Cad iad na deacrachtaí ar thug Alastar agus a chuid fear aghaidh orthu le linn an turais sin? (20)
(c) Cén chaoi ar thaispeáin Alastar a cháilíochtaí mar cheannaire le linn an turais? (20)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Déan cur síos ar ar tharla nuair a tháinig Puiblias Clóidias isteach i dteach Iúil Caesar áit a raibh an fhéile in onóir don Bhandia Maith ar siúl. (35)

(b) Cad a tharla ag triail Chlóidias? (15)

(ii) Nuair a bhásaigh Tullia, iníon aonair Chiceaŕó, scríobh a chara Sulpicius chuige.

(a) Cén chaoi ar fhéach Sulpicius le sólás a thabhairt do Chiceaŕó ar a chailleadh? (40)

(b) An dóigh leat go gcuideodh an litir seo le Ciceaŕó? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iii) (a) Cad a d'fhoghlaim tú faoi ghrá Catallus do Lesbia ó na dánta ar do chúrsa a léamh? (35)

(b) An carachtar taitneamhach é Catallus, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) (a) Cén fhadhb a bhí á tarraingt ag píoráidí ar an Róimh roimh fheachtas Phoimpéas ina gcoinne? (15)

(b) Déan cur síos ar an gcaoi ar ghlan Poimpéas na píoráidí amach as an Meánmhuir. (35)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Inis an scéal faoin tubaiste a bhain do na léigiúin Rómhánacha faoi Quinctilius Varus i bhforaois Teutoberg sa Ghearmáin in 9 AD. (20)

(b) Cén chaoi a ndeachaigh an tubaiste seo i gcion ar phleananna Ágastais an Ghearmáin a chloí? (15)

(c) Cén fhianaise atá ann go raibh Ágastas suaite de bharr na heachtra seo don chuid eile dá shaol? (15)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Aigripe (crann taca Ágastas); Iúilia (iníon Ágastas); Séánas (Maor Praetóireach). (25, 25)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar ghníomhréim Mharcas Antaine ó fheallmharú Iúil Caesar in 44 RCh go dtí Cath Aictiam in 31 RCh. (40)

(b) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuair Marcas Antaine agus Cléópátra bás i ndiaidh Chath Aictiam. (10)

(iv) (a) Cén cur síos a dhéanann Séatóinias ar an gcineál saoil a bhí ag an Impire Tibir ar oileán Capri? (20)

(b) Nuair a fuair Tibir bás, de réir Shéatóinias, bhí lúcháir ar na Rómhánaigh, agus bhéic siad "Don Tibir le Tibir!" Cén fáth a raibh lúcháir ar na Rómhánaigh nuair a fuair Tibir bás? (30)

---



**GRÚPA II: Topaicí 5 go 7** → **Thall**

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *Rí Éideapús* le Sofaicléas, mínigh cén fáth ar fhág Éideapús an Choraint agus a ndearnadh Rí na Téibhe de. (30)

(b) An dóigh leat gur rí maith é Éideapús? Bíodh tagairt agat don dráma chun tacú le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *Méidé* le hEoiripidéas, cén fhianaise atá ann a thaispeánann go mba mháistir í Méide chun tabhairt ar dhaoine pé rud a theastaigh uaithisean a dhéanamh? (30)

(b) An dóigh leat gur carachtar spéisiúil í Méidé? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) (a) Cad iad na lochtanna i gcarachtar Iasón a chabhraigh lena thurnamh, dar leat? (35)

(b) An mbraitheann tú aon trua d'Iasón ag deireadh an dráma? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) (a) Sa dráma *Éideapús Rí,* le Sofaicléas, mínigh cén fáth a gceapann Jocasta nach bhfuil oracail agus tairngreachtaí iontaofa. (25)

(b) Cén chaoi a dtugann Jocasta ar Éideapús tosú ag smaoineamh go bhféadfadh gurb é féin an dúnmharfóir? (10)

(c) Tabhair breac-chuntas ar bhás Jocasta. (15)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

(i) (a) San *Odaisé* le Hóiméar déan cur síos ar ar tharla nuair a thug Aeólas mála na ngaoth d'Odaiséas agus a chuid fear. (30)

(b) Cé air a bhí an locht san eachtra seo, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Déan cur síos ar ar tharla nuair a chas Odaiséas agus a chuid fear leis na hIteoirí Loiteog. (20)

(b) Tabhair cuntas ar theagmháil Odaiséis leis na Síréanaí. (20)

(c) Cad a insíonn an dá eachtra seo duit maidir le carachtar Odaiséis? (10)

(iii) (a) San *Aeinéid* le Veirgil, cén fáth ar fhág Díodó an Tuír agus ar bhunaigh sí cathair nua na Cartaige san Afraic? (10)

(b) Mínigh cén chaoi agus cén fáth ar thug Véineas ar Dhíodó titim i ngrá le hAeinéas. (25)

(c) Déan cur síos ar theacht le chéile Aeinéas agus Dhíodó sa Domhan Thíos. (15)

(iv) I Leabhar 2 den *Aeinéid* le Veirgil, déanann Aeinéas cur síos ar ar tharla dó an oíche a thit an Traí.

(a) Cad a deir Eachtar le hAeinéas nuair a thugann sé cuairt air i mbrionglóid? (10)

(b) Déan cur síos ar bhás an Rí Priam. (25)

(c) Déan cur síos ar ar tharla an oíche sin do Creusa, bean chéile Aeinéas. (15)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) Cén fhianaise atá i ndánta Phroipeirtias go mba leannán paiseanta é? (25)

(b) An aontaíonn tú go mba leannán míshona é Proipeirtias? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (25)

(ii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *An Leadránaí* agus *Luch an Bhaile Mhóir agus Luch na Tuaithe* le Horáit, cén tuairim atá ag Horáit de shaol na cathrach? (20)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar dhánta Horáit ar do chúrsa, cén tuairim atá ag Horáit de shaol na tuaithe? (30)

(iii) (a) Inis scéal *Baucis agus Filéamón* le hÓivid. (40)

(b) Cad a thaitníonn le hÓivid faoin seanlánúin? (10)

(iv) (a) In *Oirféas agus Eoraidícé* le Veirgil, déan cur síos ar an gcaoi a gcailleann Oirféas a bhean chéile faoi dhó. (30)

(b) De réir Veirgil, cén chaoi a bhfaigheann Oirféas bás? (10)

(c) Ar bhraith tú tochtmhar an dán seo? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

---



GRÚPA III: Topaicí 8 go 10 → Thall

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** Póirse na gCairiaitidí.

(a) Mínigh cad is brí le 'cairiaitid'. (10)

(b) Ainmnigh an foirgneamh lena mbaineann an póirse seo agus abair cá háit a bhfuil sé suite. (10)

(c) Cad iad na hábhair a úsáideadh chun an foirgneamh seo a thógáil? (10)

(d) Cén chaoi a bhfuil an teampall seo difriúil le teampall tipiciúil Gréagach? (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** dealbhóireaght rilífe ó Theampall Artaimíse i Korkyra.

(a) Ainmnigh an phríomhfhíor sa dealbhóireacht seo. (10)

(b) Cá háit ar an teampall a raibh an dealbhóireacht seo suite i dtosach? (10)
Is ceadmhach léaráid lipéadaithe a úsáid mar do fhreagra.

(c) Cén fhianaise atá ann go mbaineann an dealbhóireacht seo leis an Luath-Ré Ársa? (30)

(iii) Déan staidéar ar an dealbh i bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Cad a thugtar ar dhealbh dá leithéid? (10)

(b) Cén fheidhm a bhíodh le dealbh dá leithéid? (10)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(d) Cén chaoi a bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil den tréimhse sin? (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** Nícé de Paionios.

(a) Cad is "Nícé" ann? (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil sí ina heiseamláir thipiciúil den tréimhse lena mbaineann sí? (15)

(d) Cén chaoi ar éirigh leis an dealbhóir gluaiseacht a chur in iúl sa dealbh seo? (15)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) Bhí trí aicme saoránach sa stát idéalach in *An Phoblacht* le Platón.

(a) Ainmnigh an trí aicme saoránach agus mínigh an ról a bhíodh ag **gach** aicme. (40)
(b) An gceadaítear aon ghluaiseacht idir na haicmí? Mínigh do fhreagra. (10)

(ii) Sa stát idéalach in *An Phoblacht* le Platón, chuirfeadh Sócraitéas cosc ar chineálacha áirithe scéalta do pháistí.

(a) Cad iad na cineálacha scéalta nach gceadódh Sócraitéas go múinfí do pháistí iad? (25)
(b) Cén fáth a bhfuil dochar do pháistí sna scéalta seo, dar le Sócraitéas? (25)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar Fháthscéal Shócraitéas ar an Ainmhí Mór Cumhachtach. (40)
(b) Cad a bhí i gceist ag Sócraitéas leis an bhfáthscéal seo, dar leat? (10)

(iv) (a) In *An Phoblacht* le Platón, cén chaoi a míníonn Sócraitéas tús na sochaí? (35)
(b) Ón léamh atá déanta agat ar *An Phoblacht* le Platón, an dóigh leat go bhféadfadh go bhfíorófaí a stát idéalach go brách? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

---


**Topaic 10** → **Thall**

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** saothar múrealaíne as Poimpé.

(a) Mínigh cad atá ag tarlú sa saothar múrealaíne seo. (20)

(b) Cén chaoi ar chuir an t-ealaíontóir fuinneamh agus beatha sa saothar múrealaíne seo? (20)

(c) Tabhair sampla d'ábhar **amháin** eile a fhaightear i múrealaín Phoimpé. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** rilíf ó Áirse Thítis sa Róimh.

(a) Cén eachtra a thaispeántar sa rilíf seo? (10)

(b) Mínigh cad atá i gceist le rilíf ard agus le rilíf íseal. (10)

(c) Déan trácht ar an úsáid a bhaintear as peirspictíocht sa radharc. (10)

(d) Cén chaoi ar aibhsigh an dealbhóir tábhacht Thítis? (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** an amharclann Rómhánach i Sabratha san Afraic.

(a) Tabhair cuntas iomlán ar an amharclann seo agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. Tig leat feidhm a bhaint as léaráid mar chuid de do fhreagra. (30)

(b) Cén cineál siamsaíochta a cuireadh ar fáil sna hamharclanna Rómhánacha? (10)

(c) Cén difear nó cad iad na difríochtaí a bhí idir na hamharclanna Rómhánacha agus amharclanna nua-aimseartha? (10)

(iv) (a) Ainmnigh an teampall a léirítear i bh**Fótagraf H** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Cén t-ord ailtireachta ina bhfuil an teampall seo tógtha? (10)

(c) Déan cur síos iomlán ar an teampall seo, agus úsáid na téarmaí cearta (30)

---